An Bord um **Fhaisnéis** do Shaoránaigh
faisnéis · comhairle · tacaíocht

Treoir maidir le teidlíochtaí do **dhaoine atá faoi mhíchumas**



Clár ábhar

Oideachas agus oiliúint 04

Seirbhísí sláinte 07

Íocaíochtaí a bhaineann le míchumas 09

Ag tabhairt cúraim do dhuine atá faoi mhíchumas 11

Fostaíocht 12

Tithíocht 14

Taisteal 16

Cáin 17

Gearáin agus achomhairc 19

Tuilleadh faisnéise 20

D'fhoilsigh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an treoir seo maidir le cearta agus teidlíochtaí daoine atá faoi mhíchumas. Tá an fhaisnéis sa leabhrán seo in ainm is bheith mar threoir amháin agus ní léirmhíniú dlíthiúil í.

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil atá freagrach as tacú le soláthar seirbhísí faisnéise, comhairle, abhcóideachta i dtaca le seirbhísí sóisialta agus as soláthar na Seirbhíse Buiséadta agus Comhairle Airgid agus an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Aibreán 2018

Conas an leabhrán seo a úsáid

Soláthraíonn an leabhrán seo forbhreathnú ar theidlíochtaí le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas, ionas gur féidir leat dul i dtaithí go tapa ar an réimse seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil.

Tá leagan ar líne den treoir seo ina bhfuil faisnéis níos mionsonraithe ar gach ceann de na hábhair a chuimsítear.

I gcás rud atá faoi **chló trom** sa leabhrán seo, féadfaidh tú súil a chaitheamh ar an treoir ar líne chun níos mó faisnéise a fháil.

Citizensinformation.ie/treoracha

Sa mhullach air sin, féadfaidh tú faisnéis a fháil ar na hábhair go léir a chuimsítear sa treoir seo ón líonra Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh ón tSeirbhís náisiúnta Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh trí ghlao ar 0761 07 4000.

Oideachas agus oiliúint

Soláthraíonn an **Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-Óige** cúram agus oideachas luath-óige saor in aisce do leanaí ar aois naíonra. Cuireann an Samhail um Rochtain agus Cuimsitheacht (AIM) tacaíochtaí ar fáil le haghaidh páistí atá faoi mhíchumas ionas gur féidir leo leas a bhaint as an Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (COLÓ) i ngnáthshuíomhanna réamhscoile agus ionas gur féidir leo a bheith iomlán páirteach sa churiclam réamhscoile cosúil lena gcomhscoláirí. Le haghaidh tuilledh faisnéise féach **aim.gov.ie**

Faoin Acht um Míchumas 2005, tá an ceart ag leanaí atá faoi mhíchumas a rugadh i ndiaidh an 1 Meitheamh 2002 go ndéanfar **measúnú ar riachtanais** orthu le haghaidh tacaíochtaí sláinte agus oideachais a theastaíonn uathu.

Soláthraíonn **oideachas riachtanas speisialta** socruithe sonracha oideachais do leanaí atá faoi mhíchumas. Freastalaíonn mic léinn ar ghnáthranganna i scoileanna príomhshrutha, sa chás gur féidir, nó d'fhéadfaidís bheith i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha nó speisialta. In oideachas **bunscoile** agus **oideachas iar-bhunscoile**, d'fhéadfaidís na mic léinn cabhair bhreise a fháil ó mhúinteoirí tacaíochta foghlama agus acmhainne agus tacaíocht chúraim a fháil ó chúntóirí riachtanas speisialta. Tacaíonn **Seirbhís Múinteora ar Cuairt** le leanaí agus le naíonán ar a bhfuil lagú éisteachta nó radhairc.

Féadfaidh tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an **Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais** ina gceantar féachaint cén socruithe is féidir a dhéanamh (féach **ncse.ie** chun teacht ar shonraí teagmhála).

I measc na **dtacaíochtaí breise sa bhunscoil** d'fhéadfadh tacaíochtaí le haghaidh lagú éisteachta, neamhord urlabhra agus teanga, lagú amhairc, míchumais mheasartha ghinearálta foghlama agus neamhoird de chuid

speictream an uathachais a bheith i gceist leo. I measc na dtacaíochtaí seo, d'fhéadfadh teicneolaíochta cúnta agus deontas teagasc baile do leanaí nach bhfuil in ann freastal ar scoil nó Clár Oideachais Mhí Iúil a bheith i gceist chun an bhliain scoile a shíneadh. Tá an ceart ag leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chun oideachas saor in aisce bunscoile a fháil a fhad le haois 18 mbliana.

I measc na **dtacaíochtaí iar-bhunscoile** tá **deontais le haghaidh teicneolaíocht chúnta**. Féadtar socruithe speisialta a dhéanamh do dhaltaí atá faoi mhíchumas agus a dhéanann **scrúduithe Stáit**.

Tá **iompar scoile do leanaí le riachtanais speisialta** i go leor ceantar. I gceantair eile, d'fhéadfadh **Deontas Speisialta Iompair** a bheith ar fáil.

Má tá tú **ag fágáil na scoile**, má tá tú dífhostaithe nó ag cuardach do chéad phoist, tá réimse de **thacaíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna** ar fáil.

Murab ionann gairmoiliúint, níl nasc díreach ag **oiliúint athshlánúcháin** leis an margadh saothair agus díríonn sí ar scileanna lárnacha saoil, scileanna sóisialta agus bunscileanna oibre. Is gnách go bhfaigheann oiliúnaithe liúntas oiliúna agus is gnách go gcoimeádann siad a n-íocaíocht leasa shóisialaigh.

Tá líon **tacaíochtaí do mhic léinn tríú leibhéal atá faoi mhíchumas** ar fáil. Is eagraíocht dheonach é an Cumann um Rochtain agus Míchumas Ardoideachais (AHEAD) a spreagann mic léinn atá faoi mhíchumas chun páirt a ghlacadh in oideachas tríú leibhéal. Tá Oifigeach do Dhaoine faoi Mhíchumas nó Oifigeach Rochtana ag go leor institiúidí tríú leibhéil ar féidir leo cabhair agus faisnéis a sholáthar. Féadfaidh coláiste éileamh a dhéanamh thar ceann mac léinn leis **an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas** chun seirbhísí agus tacaíochtaí a chistiú dóibh.

Mar chuid dá **n-iarratas ar an Lár-Oifig Iontrála**, féadfaidh mic léinn **scéim iontrálacha DARE** (Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine

faoi Mhíchumas) a úsáid a chuireann áiteanna ar tairiscint ar bhonn pointí laghdaithe d'fhágóirí scoile atá faoi mhíchumas.

Tá mic léinn atá faoi mhíchumas i dteideal **deontais mhac léinn tríú leibhéal** a fháil ar an mbonn céanna le mic léinn eile. D'fhéadfadh iad siúd a raibh íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil acu cáiliú do **Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas** nó **Lingchlár**.

Cuireann **Springboard** suíomhanna saor in aisce ar fáil ar chúrsaí teastais, cúrsaí chéime agus cúrsaí iarchéime do dhaoine atá incháilithe.

Seirbhísí sláinte

Soláthraíonn LGanna (dochtúirí teaghlaigh) **scrúduithe forbartha** saor in aisce sna seachtainí i ndiaidh breithe. Déanann **altraí sláinte phoiblí** monatóireacht ar fhorbairt leanaí sna chéad chúpla mí agus féadfaidh siad faisnéis agus tacaíocht a thabhairt.

Tá leanaí atá faoi mhíchumas, ar rugadh iad tar éis an 1 Meitheamh 2002, i dteideal **measúnú ar riachtanais** a fháil ar thacaíochtaí agus seirbhísí sláinte agus chun Tuairisc Mheasúnaithe agus ráiteas a fháil ar na seirbhísí a gheobhaidh siad.

Eagraítear agus soláthraítear seirbhísí sláinte do leanaí atá faoi mhíchumas ar bhonn éagsúil i gceantair éagsúla. Féadfaidh d'Oifig Sláinte Áitiúil insint duit na seirbhísí atá ar fáil i do cheantar.

Tugann **cárta leighis** an teidlíocht duit réimse seirbhísí sláinte a fháil saor in aisce, lena n-áirítear seirbhísí LG agus seirbhísí ospidéil phoiblí. Tugtar cártaí leighis do dhaoine atá incháilithe toisc a hioncam nó a gcúinsí pearsanta. Má tá Liúntas Cúraim Baile á íoc i gcóir páiste, is feidir leo cárta leighis a fháil gan tástáil ioncaim.

Mura bhfuil tú i dteideal cárta leighis a fháil, d'fhéadfá cáiliú do **chárta cuairte LG** má shásaíonn tú tástáil ioncaim. Tugann an teidlíocht duit cuairt saor in aisce a thabhairt ar an LG atá rannpháirteach. Tá cárta cuairte LG ar fáil gan tástáil ioncaim do gach leanbh faoi bhun aois 6 agus do gach duine fásta os cionn aois 70.

Tá sealbhóirí cárta leighis i dteideal **cógais ordaithe** a fháil ach ní mór dóibh **muirear oidis** a íoc. Faoin **Scéim Breoiteachta Fadtéarmaí**, féadfaidh daoine atá thíos le riochtaí áirithe cógais agus fearais saor in aisce a fháil i leith riochtaí siúd. Mura bhfuil tú cumhdaithe ag ceachtar de na scéimeanna seo, féadfaidh tú clárú don **Scéim Íocaíochta Drugaí** a íocann as costais oidis a sháraíonn teorainn sheasta mhíosúil.

Soláthraítear **seirbhísí fiaclóireachta**, **cluaise agus optúla** do shealbhóirí cárta leighis agus do leanaí atá atreoraithe ó scrúduithe a rinne **seirbhís sláinte leanaí** agus **seirbhís sláinte scoile**. Tá sealbhóirí cárta leighis i dteideal scrúdú bhliantúil fiaclóireachta saor in aisce, stoitheadh, dhá líonadh agus cóireáil éigeandála a fháil. Chun saghasanna áirithe cóireála a fháil, ina measc fiacla bréige, is ga faomhadh a fháil ar dtús ó dhéidlia áitiúil an FSS.

Mura bhfuil cárta leighis agat, d'fhéadfadh an **Scéim Sochair Cóireála** thú a chlúdach le haghaidh seirbhísí fiaclóireachta, cluaise agus optúla má tá dóthain ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasta (ÁSPC) íoctha agat.

Gearrann **ospidéil phoiblí muirir** ach tá roinnt daoine díolmhaithe uathu, lena n-áirítear sealbhóirí cárta leighis, leanaí a fhad le sé seachtaine d'aois agus leanaí atá atreoraithe ó chlinicí sláinte leanaí nó ó sheiceálacha sláinte scoile.

Soláthraíonn an **Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais**, ar a dtugtar an Margadh Cóir (Fair Deal) chomh maith, tacaíocht airgeadais do dhaoine óna dteastaíonn cúram fadtéarmach teach altranais.

Tá an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) freagrach as rialáil seirbhísí cónaithe agus seirbhísí faoisimh chónaithe le haghaidh leanaí agus daoine fásta atá faoi mhíchumas.

I measc na **seirbhísí cúram pobail**, tá **altraí sláinte phoiblí**, **oibrithe sóisialta**, **teiripeoirí saothair**, **seirbhísí cúntóir baile**, **seirbhísí cosliachta**, **seirbhísí teiripe teanga agus urlabhra**, **cúram faoisimh** agus **cúram lae**. Tá athrúcháin le sonrú i soláthar seirbhísí cúram pobail agus ní bhíonn fáil orthu go léir i ngach ceantar. Is féidir leat teacht ar bhreis faisnéise faoin méid atá ar fáil go háitiúil trí fhiafraí de d'Oifig Áitiúil Sláinte, d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh nó de do LG.

Íocaíochtaí a bhaineann le míchumas

I gcás roinnt íocaíochtaí, ní mór go mbeidh dóthain ranníocaíochtaí **Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasta (ÁSPC)** agat le bheith incháilithe. Tá **tástáil mhaoine** ar íocaíochtaí eile agus braithfidh cibé acu an gcáileoidh nó nach gcáileoidh tú ar d'ioncam.

Íocaíocht ghearrthéarmach is ea **Sochar Breoiteachta** a dhéantar le daoine nach bhfuil in ann oibriú mar gheall ar bhreoiteacht agus a bhfuil dóthain ÁSPC acu. Íocaíocht fhadtéarmach bunaithe ar ÁSPC is ea **Pinsean Easláinte** le haghaidh daoine a bhfuil tinneas tromchúiseach nó míchumas orthu.

Íocaíocht fhadtéarmach ar a ndéantar tástáil mhaoine is ea **Liúntas Míchumais** do dhaoine atá faoi mhíchumas a chuireann cosc mór ar a gcumas chun dul ag obair. Féadfaidh tú méid áirithe a thuilleamh ó obair athshlánúcháin fad a bhfuil Liúntas Míchumais á fháil agat.

Anuas air sin, féadfaidh tú obair athshlánúcháin a dhéanamh fad a bhfuil **Pinsean na nDall** á fháil agat, arb íocaíocht fhadtéarmach ar a ndéantar tástáil mhaoine í do dhaoine atá dall nó a bhfuil radharc íseal acu. Íocaíocht fhorlíontach is ea **Liúntas Leasa na nDall** a íocann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Baineann an **Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde** le daoine a gortaíodh de bharr timpiste san ionad oibre nó fad a bhí siad ag taisteal go dtí an obair nó abhaile nó a de bharr go bhfuaireadar galar mar gheall ar a n-obair. Is iad na príomhshochair faoin scéim seo **Sochar Díobhála**, arb íocaíocht ghearrthéarmach í, agus **Sochar Míthreorach** a d'fhéadfadh bheith íoctha mar phinsean fadtéarmach nó mar íocaíocht aonuaire.

D'fhéadfá bheith i dteideal sochair bhreise a fháil, chomh maith, sa bhreis ar do phríomhíocaíocht, ar nós **Pacáiste Sochair Teaghlaigh**, **Liúntas Breosla**, **Taisteal Saor**, nó **Méadú do Mhaireachtáil Aonair**.

Cabhraíonn an **Scéim Liúntais Leasa Fhorlíontaigh** le daoine nach bhfuil ach beagán ioncaim nó ioncam ar bith acu. Áiríonn an scéim íocaíocht bhunúsach sheachtainiúil do dhaoine nach bhfuil incháilithe d'íocaíochtaí eile agus forlíonta le haghaidh cíosa agus costais eisceachtúla nó phráinneacha san áireamh.

Ag tabhairt cúraim do dhuine atá faoi mhíchumas

Má thugann tú cúram do dhaoine atá faoi mhíchumas, d'fhéadfá cáiliú d'íocaíocht cúramóra. Is iad na príomhíocaíochtaí do dhaoine a sholáthraíonn cúram lánaimseartha ná **Sochar Cúramóra** (bunaithe ar ranníocaíochtaí ÁSPC) agus **Liúntas Cúramóra** (ar a ndéantar tástáil mhaoine). D'fhéadfá a bheith i dteideal Liúntas Cúramóra Leathráta a fháil má tá íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile á fáil agat agus má thugann tú cúram do dhuine.

Má tá cúram á thabhairt agat do leanbh faoi aois 16 bliana atá faoi mhíchumas tromchúiseach, d'fhéadfá a bheith i dteideal **Liúntas Cúram Baile** a éileamh dóibh.

Tá **Deontas Tacaíochta do Chúramóirí** bliantúil (Deontas Cúraim Faoisimh roimhe seo).

Anuas air sin, féadfaidh tú **saoire cúramóra** neamhíoctha a ghlacadh ón obair a fhad le dhá bhliain chun cúram lánaimseartha a sholáthar. Féadfaidh tuismitheoirí atá ag obair **saoire thuismitheoireachta** a ghlacadh ó fhostaíocht sula mbaineann an leanbh ocht mbliana d'aois amach. Má tá do leanbh faoi mhíchumas, féadfaidh tú saoire thuismitheoireachta a ghlacadh go dtí go bhfuil an leanbh 16 bliana d'aois.

Fostaíocht

Tá líon tacaíochtaí fostaíochta ann atá dírithe ar chabhrú le daoine atá faoi mhíchumas chun fostaíocht a fháil agus a choimeád.

Soláthraíonn an **tSeirbhís Infhostaitheachta** tacaíocht do dhaoine atá faoi mhíchumas a bhfuil ag lorg oibre nó a bhfuil post acu cheana féin. Cabhraíonn sí le fostóirí chomh maith. I measc na dtacaíochtaí, tá cuardach poist agus meaitseáil poist, tacaíocht agus cóitseáil ag an bpost, agus cabhair le comhcheangal isteach san áit oibre.

Tá sé beartaithe tosú i 2018 ar scéim nua fostaíochta **YESS**, chun socrúcháin oibre a chur ar fáil to chuardaitheoirí óga oibre atá dífhostaithe le fada nó a bhféadfadh bacainní a bheith rompu chun fostaíocht a iontráil.

Má tá agallamh agat le haghaidh poist agus má tá lagú éisteachta nó urlabhra ort, féadfaidh an **Deontas um Ateangaire ag Agallamh Poist** ateangaire a chistiú.

Má tá post á thosú agat nó má tá tú ag obair faoi mhíchumas cheana féin, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar **Dheontas um Threalamh agus um Oiriúnú san Ionad Oibre agus** chun an t-ionad oibre a oiriúnú nó chun trealamh a cheannach.

Má tá lagú amhairc ort nó má tá tú dall, féadfaidh tú iarratasa dhéanamh ar **Dheontas um Léitheoir Pearsanta** chun duine a fhostú chun cabhrú le léitheoireacht ag an obair.

Tugann an **Scéim Fóirdheontas Tuarastal** cúnamh airgeadais d'fhostóirí daoine atá faoi mhíchumas a bhfuil a leibhéil táirgiúlachta laghdaithe ag méid áirithe agus a oibríonn ar a laghad 21 uair sa tseachtain.

Cabhraíonn an **Scéim Deontais um Choinneáil Fostaí** le fostóirí chun fostaithe a choimeád ag an obair má thagann breoiteacht, riocht nó lagú orthu a chuireann isteach ar a gcumas chun a bpost a dhéanamh.

Soláthraíonn an **Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas** cistiú d'fhostóirí o thaobh oiliúint foirne chun feasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna míchumais san ionad oibre.

Má fhaigheann daoine Liúntas Mhíchumas nó Pinsean na nDall, féadfaidh siad a n-íocaíocht a choimeád agus **obair athshlánúcháin nó teiripeach a dhéanamh** nó oiliúint athshlánúcháin nó teiripeach a dhéanamh. Caithfidh tú an Roinn Coimirce Sóisialaí a chur ar an eolas sula nglacann tú obair athshlánúcháin nó teiripeach.

Má fhaigheann daoine Sochar Breoiteachta nó Pinsean Easláinte á fháil agat, ní féidir leo obair a dhéanamh (ach amháin obair dheonach neamhíoctha). Más mian leo obair a dhéanamh, caithfidh siad aistriú chuig an **Sochar Cumais Pháirtigh**. Is íocaíocht leasa shóisialaigh é **Sochar Cumais Pháirtigh** ar féidir leo a fháil fad atá tú ag obair.

Tá líon scéimeanna fostaíochta ann ar fáil duit má shásaíonn tú na riachtanais cháilitheachta.

Tá an **Scéim Fostaíochta Pobail** in ainm is cabhrú le daoine atá faoi mhíbhuntáiste nó atá dífhostaithe go fadtéarmach chun filleadh ar an obair trí shocrúcháin a chur ar fáil i bpoist atá lonnaithe laistigh de phobail áitiúla.

Tá an **Scéim Shóisialta Tuaithe** dírithe ar fheirmeoirí agus iascairí fireanna/baineanna ísealioncaim a bhfuil íocaíochtaí áirithe leasa shóisialaigh á fáil acu, lena n-áirítear Liúntas Míchumais.

Tacaíonn an **Clár Seirbhísí Pobail** le grúpaí deonacha agus pobail chun seirbhísí áitiúla a sholáthar agus chun deiseanna fostaíochta a chruthú do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste.

Más mian leat **do ghnó féin a chur ar bun,** d'fhéadfá bheith i dteideal an **Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair** nó an **Liúntas Fiontraíochta Gearrthréimhseach** a fháil.

Tithíocht

Má tá tú faoi mhíchumas nó más duine breacaosta thú ar a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta, d'fhéadfá bheith in ann cabhair airgeadais a fháil le haon athruithe a dhéanann tú ar do theach chun áit níos oiriúnaí a dhéanamh de i dtaobh do chuid riachtanas. Cabhraíonn an **Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas** le cóiríocht oiriúnach a dhéanamh de chóiríocht do dhuine atá faoi mhíchumas fisiciúil, céadfach nó intleachtach nó duine ar a bhfuil fadhb mheabhairshláinte. Mura dteastaíonn ach mionobair uait, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an **Scéim Deontas Áiseanna Soghluaisteachta** ina ionad sin. Tá an **Scéim um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta** dírithe ar dhaoine atá ar aois 66 nó os a chionn chun feabhas a chur ar an mbail atá ar a dteach, ach d'fhéadfadh an scéim seo bheith ar fáil ag daoine faoin aois 66 i gcásanna cruatain.

Anuas ar iarratas a dhéanamh ar cheann de na deontais seo, d'fhéadfá **aisíocaíocht CBL** a fháil ar chostais áiseanna agus fearais in úsáid ag daoine atá faoi mhíchumas. Clúdaíonn an scéim seo costais a bhaineann le hobair shuiteála.

Soláthraíonn an **Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr** deontais d'úinéirí tí chun a dtithe a uasghrádú le bearta éifeachtúlachta fuinnimh. Má tá teach ar cíos agat, d'fhéadfadh go mbeadh do thiarna talún in ann deontas a fháil faoin scéim. Cistíonn an **Scéim Fuinnimh Níos Fearr, Tithe Níos Teo** uasghráduithe fuinnimh le haghaidh úinéirí tí ar ísealioncaim.

D'fhéadfá (nó d'fhéadfadh do thiarna talún) bheith i dteideal creidmheas cánach a fháil faoin **Dreasacht Athchóirithe Tí** mar gheall ar airgead a caitheadh le do theach a oiriúnú. Is féidir le tionóntaí na n-údarás áitiula cur isteach ar an gcreidmheas seo freisin.

D'fhéadfá cáiliú **d'iasacht ón údarás áitiúil ar mhaithe le feabhsúcháin tí** murar féidir leat iasacht bhainc a fháil le haghaidh na n-oibreacha riachtanacha chun do theach a fheabhsú, a dheisiú nó a shíneadh.

Cuireann an scéim **Rebuilding Ireland Home Loan** morgáistí ar fáil do cheannaitheoirí céaduaire atá ar ioncam íseal.

Má tá tú i **riaráistí morgáiste**, tá d'iasachtóir faoi cheangal ag dhá chód iompair reachtúla. Is iad seo an **Cód Iompair maidir le Riaráistí Morgáiste** de chuid an Bhainc Cheannais (CIRM) agus an **Cód um Chosaint Tomhaltóirí 2012** lena ngabhann. Is féidir dul i dteagmháil leis an **tSeirbhís Bhuiséadta agus Comhairle Airgid (SBCA)** chun cabhrú leat d'fhiacha a láimhseáil. Cuireann an **Scéim Abhaile**, ata ar fáil trí SBCA, réimse leathan seirbhísí ar fáil chun cabhrú leat deileáil le do chúinsí; tá comhairle airgid, comhairle dlí agus comhairle dócmhainneachta ina measc na seirbhísí atá ar fáil tríd an Scéim.

Má tá tú ar ioncam íseal agus má tá áit le chonaí ag taisteal uait, is feidir leat iarratas a dhéanamh ar **thithíocht údaráis áitiúil**, a leithdháiltear de réir riachtanais. Cuireann údaráis áitiúla míchumas san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu.

Cuireann roinnt údaráis áitiúla agus **eagraíochtaí deonacha** tithíocht ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumas. D'fhéadfadh go mbeadh seirbhísí eile ar fáil do thionóntaí ar nós gníomhaíochtaí sóisialta, béilte agus foireann tacaíochta.

Braitheann leibhéal cíosa i dtithíocht údaráis áitiúil agus i dtithíocht deonach ar chumas íoc an teaghlaigh.

Má tá tu incháilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta ach muna bhfuil aon tithíocht shóisialta ar fáil i do cheantar, ba chóir duit cuir isteach ar an **Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)**. Faoin ÍCT eagraíonn tú maoin a fháil ar cíos ó thiarna talún príomháideach. Íocann an túdarás áitiúil an tiarna talún agus tugann tú ranníocaíocht don údarás áitiúil, ag braith ar do chumas íoc.

Is íocaíocht í **Forlíonadh Cíosa** le haghaidh daoine i gcóiríocht phríobháideach ar cíos nach feidir an cíos iomlán a íoc iad fein. Má tá forlíonadh cíos á fháil agat ar feadh tréimhse fada b'fhéidir go mbeifeá incháilithe don **Scéim Chóiríochta ar Cíos (RAS)** a chuireann tithíocht fad téarma ar fáil faoi réitigh a dhéanann údaráis áitiúla le tiarnaí talún. Nó d'fhéadfadh go niarrfaí ort athrú go ÍCT.

Taisteal

Tá an **Cárta Saorthaistil** ar fáil do dhaoine ar aois 66 bliana nó os a chionn. D'fhéadfadh daoine faoi mhíchumas atá faoi bhun 66 bliana cáiliú chomh maith. Ceadaíonn sé duit taisteal, saor in aisce, ar iompar poiblí agus ar líon seirbhísí busanna agus farantóireachta príobháideacha. Murar féidir leat taisteal leat féin, ar chúiseanna leighis, d'fhéadfá Cárta Saorthaistil Chompánaigh a fháil, a cheadaíonn le duine ar bith os cionn 16 bliana d'aois taisteal i do chuideachta.

Má tá **Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP)** agat, beidh FT-P scríofa ar an gcárta ar chúinne na láimhe clé má tá saorthaisteal agat. Má tá FT+S scríofa ar an gcárta, is féidir leat taisteal le do chéile, do chomhpháirtí nó do chomhchónaitheoir. Má tá FT+C scríofa ar an gcárta, is féidir leat sealbhóir compánach (os cionn 16 bliain) a thabhairt leat saor in aisce.

Soláthraíonn seirbhísí iompair phoiblí tacaíochtaí do dhaoine atá faoi mhíchumas a thaistealaíonn ar **bhus** nó ar an **iarnród**.

Tá fáil ar **mhadraí treorach agus oiliúint soghluaisteachta** chun cabhrú le daoine ar a bhfuil lagú radhairc a mbealach a aimsiú thart ina dtimpeallacht.

D'fhéadfadh tiománaithe atá faoi mhíchumas bheith i dteideal **Faoiseamh Cánach do Thiománaithe agus do Phaisinéirí faoi Mhíchumas** agus an **Cárta Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas** a fháil. Má fhaigheann tú an faoiseamh cánach seo, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar shaorphas ar dholabhóithre trí theagmháil a dhéanamh leis an oibreoir dolabhóithre is gaire duit.

I gcás **aerthaistil** ó aerfoirt san AE, ní féidir le haerlínte agus tionscnóirí turais diúltú chun paisinéirí a iompar nó chun áirithintí a ghlacadh ar bhonn soghluaisteacht laghdaithe. Ní mór d'aerfoirt agus d'aerlínte cúnamh saor in aisce a sholáthar do **phaisinéiri le cumas laghdaithe**.

Cáin

Gearrtar **cáin ioncaim** ar nach mór gach saghas d'ioncam. Tá roinnt ioncam ó íocaíochtaí leasa shóisialaigh nach ghearrtar cáin orthú ar nós Liúntas Míchumais agus roinnt íocaíochtaí cúitimh.

Laghdaíonn **creidmheasanna agus faoisimh chánach** an méid cánach is gá duit a íoc. Tá roinnt **faoisimh chánach do dhaoine faoi mhíchumas** ann. Ina measc seo tá an **Creidmheas Cánach Duine Dhaill** agus an **Liúntas Madra Treorach.**

Féadfaidh tú **faoiseamh cánach a éileamh ar na costais a bhaineann le cúramóir a fhostú** ar do shon nó ar shon baill teaghlach eile.

Féadfaidh tuismitheoirí linbh atá faoi mhíchumas buan an **Creidmheas Cánach do Leanbh faoi Éagumas** a éileamh.

Tá fáil ar **Chreidmheas Cánach do Chúramóir Baile** ag lánúineacha pósta nó páirtnéirí sibhialta, nuair a oibríonn duine díobh sa bhaile ag tabhairt cúraim do dhuine os cionn 65 bliain d'aois, do leanbh, nó do dhuine atá faoi mhíchumas óna dteastaíonn cúram.

D'fhéadfadh go mbeadh feidhm ag an **gCreidmheas Cánach Gaoil Chleithiúnaigh** má choimeádann tú gaol atá faoi mhíchumas nó atá os cionn aois 65 bliain, nó má choimeádann tú mac nó iníon a chónaíonn leat agus a mbraitheann tú air/uirthi mar gheall ar sheanaois nó míchumas.

Féadfaidh tú **faoiseamh cánach a éileamh ar chostais leighis** a íocann tú féin nó a íocann tú i leith dhuine eile, lena n-áirítear billí dochtúra, cógais, fearais, agus costais ospidéil agus teach altranais.

Soláthraíonn an **Scéim Tiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas** réimse d'fhaoisimh chánach a bhaineann le ceannach agus úsáid feithiclí ag tiománaithe agus paisinéirí faoi mhíchumas.

I measc na bhfaoiseamh cánach eile tá an **Creidmheas Cánach Aoise** agus **creidmheasanna cánach méala.**

D'fhéadfadh **gníomhais chúnaint** coigiltis cánach a chur ar fáil nuair a thugann tú airgead do dhuine atá os cionn 65 bliain d'aois nó atá faoi éagumas buan.

Má tá tú os cionn 65 bliain d'aois nó faoi éagumas buan, agus tá ísealioncam agat, d'fhéadfá bheith díolmhaithe ó **Cháin Choinneála ar Ús Taisce (CCÚT)**, a ghearrtar ar ús a thuilltear ar choigilteas.

D'fhéadfadh **ciste iontaobhais** a thiomsaítear chun sochair duine atá faoi éagumas iomlán agus buan bheith díolmhaithe ó cháin.

D'fhéadfá bheith in ann **Aisíocaíocht Cháin Bhreisluacha (CBL) a éileamh ar áiseanna agus fearais,** chom maith ar obair thógála clúdaithe ag deontas oiriúnaithe tí.

Gearáin agus achomhairc

Mura bhfuil tú sásta le seirbhís a fuair tú, nó má bhraitheann tú gur caitheadh go héagórach leat nuair a bhí do chuid teidlíochtaí á n-éileamh agat, féadfaidh tú gearán nó achomharc a dhéanamh.

Mar shampla, má dhiúltaítear íocaíocht leasa shóisialaigh duit nó má fhaigheann tú íocaíocht níos ísle ná mar a raibh tú ag súil leis, féadfaidh tú an cinneadh a achomharc leis an **Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh.**

Tá faisnéis ar **healthcomplaints.ie** ar conas gearán a dhéanamh faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Féadfaidh tú **próiseas gearán FSS** a úsáid maidir le gearáin faoi sheirbhísí sláinte phoiblí. Tá próiseas gearán ar leith ann más mian leat gearán a dhéanamh faoi **mheasúnú riachtanas.**

Féadfaidh **an tOmbudsman** gearáin a fhiosrú faoi chomhlachtaí poiblí. Faoin Acht um Míchumas 2005, tá ról ag an Ombudsman chomh maith chun gearáin a fhiosrú faoi inrochtaineacht ar sheirbhísí poiblí.

Féadfaidh **an tOmbudsman do Leanaí** gearáin a fhiosrú faoi chomhlachtaí poiblí a bhaineann le leanaí.

Tuilleadh faisnéise

Ar líne

Féadfaidh tú tuilleadh faisnéise a fháil ar aon cheann de na hábhair a chuimsítear sa leabhrán seo ar **citizensinformation.ie**. Tá leagan ar líne den treoir seo ina bhfuil naisc le faisnéis mhionsonraithe ar gach ceann de na hábhair atá faoi chló trom ag **citizensinformation.ie/treoracha.**

An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Má tá ceist ar bith agat faoi aon chuid den fhaisnéis a chuimsítear sa leabhrán seo, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar 0761 07 4000**,** ó Luan go hAoine, idir 9rn agus 8in.

Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Féadfaidh tú cuairt a thabhairt ar d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun teacht ar fhaisnéis agus comhairle. Aimsigh an t-ionad is gaire duit ag **centres.citizensinformation.ie.**

An tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do dhaoine faoi mhíchumas

Is an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do dhaoine faoi mhíchumas (SAN) seirbhís abhcóideachta neamhspleách, faoi rún agus saor in aisce. Tá aici sainchúram ar leith le haghaidh daoine faoi mhíchumas atá scoite óna bpobal agus ó sheirbhísí, a bhfuil difríochtaí cumarsáide acu, nach bhfuil an chóiríocht cheart acu, a chónaíonn i seirbhísí cónaithe, a fhreastalaíonn ar sheirbhísí lae agus a bhfuil tacaíochtaí teoranta acu. Is féidir teagmháil a dhéanamh le SAN ar 0761 07 3000.

Assist Ireland

Cuimsítear ar an láithreán gréasáin **assistireland.ie** faisnéis ar áiseanna maireachtála laethúla, áiseanna soghluaisteachta agus teicneolaíocht chúnta.

Nótaí

Nótaí

Nótaí

Aibreán 2018

Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faisnéis, comhairle agus abhcóideacht neamhspleách ar fáil ar sheirbhísí poiblí agus sóisialta trí citizensinformation.ie, tríd an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus tríd an líonra Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Tá sé freagrach as an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid agus cuireann sé an tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil.

Faisnéis do Shaoránaigh

citizensinformation.ie

0761 07 4000
Luan go hAoine, 9rn – 8in

Buail isteach
215 ionad ar fud na tíre

Faigh sonraí iomlána atá cothrom le dáta faoi gach a chuimsítear sa bhileog seo ar
citizensinformation.ie/treoracha

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Urlár na Talún
Teach Ché Sheoirse
43 Sráid Chnoc na Lobhar
Baile Átha Cliath 2
D02 VK65

Guthán: 0761 07 9000
Facs: 01 605 9099
Ríomhphoist: eolas@ciboard.ie
Láithreán gréasáin:
citizensinformationboard.ie